II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1473 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2021

lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe maidir le cur chun feidhme iamh fíor-ama maidir le hiascaigh séacla Artaigh in Skagerrak

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/1241 forálacha sonracha maidir le bearta teicniúla a bhunaítear ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh na Mara Thuaidh, Skagerrak agus Kattegat, lena gcuimsítear freisin rialacha maidir le mogalmhéideanna, coinníollacha gaolmhara agus foghabhálacha.

(2) I dTaifead Comhaontaithe na gComhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua an 6 Meán Fómhair 2018 ([2]) maidir le bearta teicniúla in Skagerrak leagtar síos na nósanna imeachta agus an mhodheolaíocht samplála maidir le glacadh iaimh fíor-ama le haghaidh an tséacla Artaigh (*Pandalus borealis*) ("séacla Artach") in Skagerrak ("an Taifead Comhaontaithe").

(3) Maidir leis an mBeilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír agus an tSualainn ("Grúpa Scheveningen"), tá leas díreach bainistíochta acu sna hiascaigh sa Mhuir Thuaidh agus chuir siad isteach moladh comhpháirteach an 7 Márta 2019 lena gcuirtear chun feidhme na bearta a leagtar amach sa Taifead Comhaontaithe i ndlí an Aontais. Leis an moladh comhpháirteach sonraítear iaimh fíor-ama san iascach Séacla Artaigh chun éisc óga a chosaint agus díolmhaítear trealaimh bhreise.

(4) Tar éis don Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) ([3]) measúnú a dhéanamh ar an moladh comhpháirteach sin, glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 ([4]).

(5) Tar éis fhoilsiú an Rialacháin sin, d'iarr na Ballstáit i gceist ar an gCoimisiún roinnt earráidí a cheartú a chuireann bac ar chur chun feidhme an ghnímh tharmligthe sin.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.
([2]) https://ec.europa.eu/fisheries/sites/fisheries/files/2018-sweden-norway-09-2018.pdf
([3]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2537709/STECF+PLEN+19-02.pdf
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1241 le rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme iamh fíor-ama maidir le hiascaigh séacla Artaigh in Skagerrak (IO L 332, 23.12.2019, lch. 3).

(6) Foráiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 maidir le sainmhíniú ar an téarma "éisc óga ar séaclaí Artacha iad" d'fhonn a chinneadh cén méid iasc a d'fhéadfadh a líon sa ghabháil fhoriomlán iaimh fíor-ama iascach a spreagadh. Ar mhaithe le soiléireacht agus slándáil dlí, ba cheart an téarma céanna a úsáid le haghaidh an choincheapa chéanna i ngach Cuid den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart "éisc óga séacla Artaigh" a úsáid ar fud i ngach cuid den ghníomh, seachas aon chomhchiallach leis, amhail "*Pamdalus* faoi bhun an fhaid spreagtha" nó "*Pandalus* atá róbheag".

(7) Leis an moladh comhpháirteach cuireadh ar bun straitéis rioscabhunaithe chun limistéir agus tréimhsí a shainiú ina bhfuil an riosca ann go ngabhfaí cainníochtaí d'éisc óga séacla Artaigh a sháraíonn an leibhéal tairsí. De bhrí gur thagair Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 go hearráideach do leibhéal gabhála spreagtha 20 % de réir meáchain i gcomparáid le gabháil fhoriomlán an tséacla Artaigh in aon dol amháin, ba cheart dó tagairt ina ionad sin do 20 % de réir lín i gcomparáid leis an líon foriomlán i sampla, mar a leagtar síos sa mholadh comhpháirteach.

(8) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2019/1241 íos-mhogallmhéid 35 mm le haghaidh iascaigh a dhíríonn ar an séacla Artach in Skagerrak agus Kattegat. Tagraítear go hearráideach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 d'íos-mhogallmhéid 32 mm, arb é an t-íos-mhogallmhéid le haghaidh iascaigh a dhíríonn ar an séacla Artacha sa Mhuir Thuaidh. Dá bhrí sin, ba cheart an figiúr sin a oiriúnú dá réir sin.

(9) Leis an moladh comhpháirteach leagtar síos iamh féideartha i gcás inar mó ná 40 % an cion an éisc óig séacla Artaigh. D'fhonn a bheith i gcomhréir leis an moladh comhpháirteach sin, ba cheart tagairt a dhéanamh i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 don chéatadán a bhaineann le cainníocht an tsampla seachas leis an ngabháil iomlán.

(10) Rinneadh nasc, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201, idir an clár faireacháin sonrach le haghaidh soithí a úsáideann eangach Nordmøre atá roghnaíoch ó thaobh méid de agus le haghaidh tráil ghrinnill atá feistithe le trealaimh roghnaíocha agus oibriú sa limistéar atá faoi réir iamh fíor-ama (limistéar iata) agus sa limistéar sin amháin. Ba cheart an Rialachán sin a oiriúnú do mheasúnú STECF, inar thángthas ar an tuairim nach mór na soithí sin atá feistithe le trealamh roghnaíoch den chineál sin a bheith faoi réir clár faireacháin sonrach, gan beann ar an limistéar ina ndéanann siad iascaireacht.

(11) Maidir leis an íosmhéid samplála lena chinneadh an bhfuil iamh fíor-ama le bunú, sainíodh go hearráideach sa mholadh comhpháirteach agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 gurb é 2 kg séaclaí de réir meáchain nó 1 lítear amháin de réir toirte a bheidh san íosmhéid sin. D'iarr na Ballstáit dá dheasca sin go gceartófaí an Rialachán i gcomhréir leis an Taifead Comhaontaithe ina luaitear nach mór 1 chileagram de réir meáchain nó 2 lítear de réir toirte a bheith in íosmhéid an tsampla.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 a leasú dá réir sin.

(13) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta maidir le soithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Leibhéal gabhála spreagtha

Is é a bheidh sa leibhéal gabhála spreagtha lena dtionscnaítear iaimh fíor-ama iascach faoin Rialachán seo 20 % de réir cainníocht iasc óg séacla Artaigh i gcomparáid leis an líon foriomlán séacla Artaigh i sampla.";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is é a bheidh san fhoinse faisnéise lena ndéanfar faireacháin ar leibhéil gabhála spreagtha cigireachtaí ar muir a dhéanfaidh údaráis rialaithe inniúla ar shoithí iascaireachta a dhíríonn ar an séacla Artach (*Pandalus borealis*) le tráil ghrinnill ar 35 mm ar a laghad a mogallmhéid.";

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Más mó ná 40 % de líon an speicis sin sa sampla dá dtagraítear in Airteagal 4(4) an cion iasc óg séacla Artaigh, féadfaidh údaráis rialaithe iamh fíor-ama a mholadh ar bhonn sampla amháin.";

(4) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ar bhonn na dtuairiscí samplála dá dtagraítear in Airteagal 4(4), féadfaidh an Ballstát cósta i gceist cosc a chur le hiascaireacht an tséacla Artaigh le tráil ghrinnill ar 35 mm ar a laghad a mogallmhéid i limistéar a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 7 ('an limistéar atá iata').";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Maidir le soithí a úsáideann eangach Nordmøre atá roghnaíoch ó thaobh méid dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, beidh siad faoi réir clár faireacháin sonrach atá le bunú ag na Ballstáit chun an cion iasc óg séacla Artaigh i ngabháil iomlán an speicis sin a fhíorú. Déanfar torthaí na gclár sin a tharchur chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta tosaigh an chláir agus 12 mhí dá éis sin.";

(5) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh Ballstáit bhrataí soithí a úsáideann trealaimh dá dtagraítear i mír 1 clár faireacháin sonrach a bhunú chun a fhíorú nach sroicheann gabhálacha an leibhéal spreagtha. Má shroicheann gabhálacha an leibhéal spreagtha, imeoidh na soithí sin as an limistéar iata ar feadh an chuid eile den tréimhse choiscthe. Déanfar torthaí na gclár sin a tharchur chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta tosaigh an chláir agus gach 12 mhí dá éis sin. Má léirítear le torthaí na gclár sin go sáraíonn na gabhálacha sin na leibhéil spreagtha, ní dhíolmhófar na trealaimh sin a thuilleadh."

(6) leasaítear na hIarscríbhinní mar a leanas:

(a) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le pointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

1. Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201 mar a leanas:

(a) i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) Glacfar an sampla ar bhealach lena léireofar comhdhéanamh gabhála an tséacla Artaigh sa dol. Chuige sin, tabharfaidh an captaen, nó duine a ainmneoidh sé, cúnamh nuair a ghlacfar an sampla;

(b) Is é 1 kg nó 2 lítear séacla Artaigh íosmhéid an tsampla.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Ríomhfar an chainníocht iasc óg an tséacla Artaigh mar chéatadán den líon iomlán séaclaí Artacha sa sampla."

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201:

"*IARSCRÍBHINN II*

IAIMH FÍOR-AMA – TUARASCÁIL SAMPLÁLA CHUIG AN STÁT CÓSTA

Séacla Artach i ndáil le héisc óga an tséacla Artaigh *.

Cigireacht/ mionsonraí breathnóireachta	Ardán cigireachta	Ainm an chigire/an bhreathnóra		Ainm an chigire/an bhreathnóra	Dáta agus am ([1]) na cigireachta/ breathnóireachta	Suíomh ([2]) na cigireachta/ breathnóireachta
Mionsonraí an tsoithigh iascaireachta	Ainm	Glaochomhartha	Uimhir Chlárúcháin	Stát na brataí	An cineál trealaimh Singil/ Dúbailte	Mogallmhéid mm
Bearta roghnúcháin	Eangach (chun *Pandalus* a shórtáil)	Eangach, mm	Eile		Mála bailithe	Mogallmhéid an mhála bailithe
Mionsonraí na hoibríochta iascaireachta	Tús	Dáta agus am ([1])		Suíomh ([2])		
	Deireadh	Dáta agus am ([1])		Suíomh ([2])	Fad na hoibríochta iascaireachta ([3])	
Mionsonraí gabhála	Gabháil iomlán mheasta sa dol (kg)					
	Gabháil iomlán mheasta an tséacla Artaigh sa dol (kg)					
	Méid shampla an tséacla Artaigh sa dol (kg)					
	Cainníocht iomlán an tséacla Artaigh sa sampla					
	An líon iomlán iasc óg an tséacla Artaigh sa sampla					
	% iasc óg an tséacla Artaigh (an líon iasc óg séacla Artaigh/líon iomlán)					

Barúlacha agus faisnéis bhreise	Faisnéis bhreise ó fhoinsí eile, e.g. a fuarthas ón máistir.
Síniú an chigire	Níl gá leis seo má chomhlánaítear go leictreonach agus má tharchuirtear le ríomhphost chuig stát cósta é”

* Comhfhreagraíonn an téarma ‘éisc óga an tséacla Artaigh’ mar a shainmhínítear é sa Rialachán seo do na téarmaí ‘*Pandalus* faoi bhun an leibhéil spreagtha’, ‘*Pandalus* faoi bhun an mhéid spreagtha’ agus ‘*Pandalus* faoi bhun an mhéid spreagtha iaimh fíor-ama’ mar a shainmhínítear iad i dTaifead Comhaontaithe na gComhairliúchán idir an tAontas Eorpach agus an Iorua an 6 Meán Fómhair 2018.

([1]) ll/mm/bb uu nn (am áitiúil 24 huaire).

([2]) e.g. 56°24′ T 01° 30′ O.

([3]) uu nn.

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2201:

“*EANGACH ROGHNAÍOCH SAN IASCACH LE hAGHAIDH SÉACLA ARTAIGH LE CEADÚ SA LIMISTÉAR IATA*”